VÓTÁIL ‘TÁ’
DO CHOMHIONANNAS PÓSTA

Íomhá: wanderlustphotography.ca

- Vótáil ‘Tá’ do theaghlaigh
- Vótáil ‘Tá’ do shaoránacht iomlán
- Vótáil ‘Tá’ do chomhionannas
- Vótáil ‘Tá’ do ghrá

www.greenparty.ie

NA FÁTHANNA A BHFUIL AN COMHAONTAS GLAS AG TACÚ LE LUCHT 'TÁ'

1 Tá an pósadh tábhachtach. Deir Airteagal 41 dár mbunreacht go bhfuil an pósadh mar bhonn an teaghlaigh. Baineann an vóta seo le teaghlaigh a chosaint agus meas a léiriú orthu – na cineálacha teaghlaigh go léir atá in Éirinn na linne seo. Is vóta é do do dhearthair, do dheirfiúr, do mhac agus d'iníon chun go gcaithfear leo mar a chaitear le gach duine eile. Neartóidh vóta ar son comhionannais sa phósadh sibhialta teaghlaigh na tíre seo.

2 Is ceart é an pósadh sibhialta atá ag saoránaigh na hÉireann. Séantar an ceart sin ar shaoránaigh aeracha agus leispiacha i láthair na huaire. Léireoidh vóta 'Tá' go gcreidimid gur chóir go mbeadh ár saoránaigh go léir in ann leas a bhaint as cearta agus freagrachtaí an phósta. Is teachtaireacht shoiléir é do na mílte lánúin aerach agus leispiach sa tír seo: tá stádas comhionann agaibh inár bpobal.

3 Agus í mar Phoblacht, geallann Éire caitheamh go cothrom lena saoránaigh go léir. Léireoidh vóta ar son comhionannas pósta shibhialta go measann muintir na hÉireann go bhfuil an luach céanna ar an gcaidreamh atá ag gach lánúin ghrámhar.

4 Is ionann pósadh sibhialta agus pósadh a tharlaíonn taobh amuigh d'éiteas reiligiúnach ar bith – mar shampla, i gclárlann. Ní bhainfeadh vóta 'Tá' de rogha na n-eaglaisí an méid a mhúineann a gcreideamh faoin bpósadh a leanúint – baineann an vóta seo le teacht ar phósadh sibhialta amháin.

For an English-language version of this leaflet, please visit www.greenparty.ie

Eamon Ryan

16/17 Sráid Suffolk
Baile Átha Cliath 2

info@greenparty.ie

www.greenparty.ie

comhaontas glas